

SEÁN Ó RÍORDÁIN NA DÁNTA



Cló Iar-Chonnacht
Indreabhán
Conamara

An Chéad Chló 2011
© Cló Iar-Chonnacht 2011

ISBN 978-1-905560-73-8

Obair Ealaíne: Seán Ó Flaithearta
Dearadh: Clifford Hayes / Deirdre Ní Thuathail
Dearadh an chlúdaigh: Abigail Bolt.



Foras na Gaeilge

Tá Cló Iar-Chonnacht buíoch de Fhoras na Gaeilge as tacaíocht airgeadais a chur ar fáil.



Faigheann Cló Iar-Chonnacht cabhair airgid ón gComhairle Ealaíon.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur: Cló Iar Chonnacht, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-593307; Facs: 091-593362; r-phost: cic@iol.ie
Priontáil: Castle Print, Gaillimh.

CLÁR NA nDÁNTA

Réamhrá	3
---------------	---

Eireaball Spideoige (1952)

Réamhrá	29
Seo Libh	39
Apologia	40
An Dall sa Studio	41
An Leigheas	42
Filíocht an Phíopa	43
An Cheist	43
Tionóisc ó Neamh	44
Ualach na Beatha	45
Odi Profanum Vulgus	47
A Sheanfhillí, Múinídh dom Glao	48
Bacaigh	49
Ní Raibh Sí Dílis	50
Torann agus Tost	52
An Peaca	53
An Doircheacht	54
An Stoirm	55
Cuireadh	56
An Dual	57
Sos	58
Éist le Fuaim na hAbhann	59
Cláirseach Shean na nGnáthrud	60
Paidir	61
Do Dhomhnall Ó Corcora	62
Roithleán	64
An Cat	65
Adhlacadh mo Mháthar	66
Na Fathaigh	68
Cúl an Tí	70
Malairt	72
Cnoc Mellerí	73
Oíche Nollaig na mBan	77
An Bás	78
Oilithreacht fám Anam	79
Domhnach Cásca	82
Ceol	84

Oileán agus Oileán Eile	85
Fan!	90
Na hÓinmhidí	91
Feithideacht	95
Duan an Oireachtais 1948	95
Na Blascaodaí	98
An Bóthar.....	100
? ? ? ?.....	101
Saoirse.....	103
Éadóchas.....	107
Ifreann.....	109
Teitheadh.....	111
Paidreoireacht.....	112
Scagadh.....	113
Siollabadh.....	114
An Silhouette.....	115
Dán.....	116
An Dilettante.....	118

Brosna (1964)

A Ghaeilge im Pheannsa.....	123
Rian na gCos.....	125
Claustrophobia.....	127
Seachtain.....	128
An Feairín.....	129
Guí.....	130
Reo.....	131
Na Leamhain.....	133
Múscail do Mhisneach	134
In Absentia.....	135
An Moladh.....	137
Seanmóintí.....	138
A Theanga Seo Leath-Liom.....	139
Fiabhras.....	140
Daoirse.....	141
Tost.....	142
Tulyar.....	143
An Lacha.....	144
Colm.....	145
An Gealt.....	146
Bagairt na Marbh.....	146
Gailearaí.....	148
An Dá Ghuth.....	149
Soiléireacht.....	150

Catchollú.....	151
Éisteacht Chúng.....	152
Daoine.....	153
Conas?.....	153
Fill Arís.....	154

Línte Liombó (1971)

Línte Liombó.....	157
Súile Donna.....	158
Ceol Ceantair.....	159
Tionlacan na nÓinseach.....	160
Sa Séipéal Dom.....	161
Cloch Scáil.....	162
Tá Pearsa Imithe as an Saol.....	163
Bean Chaol.....	164
Aistriú.....	164
Toil.....	165
Tar Éis Dom é Chur go Tigh na nGadhar.....	168
Cló.....	169
Oíche Ghealaí.....	170
Solas.....	172
Bás Beo.....	173
Obair.....	173
Ní Ceadmhach Neamhshuim.....	174
Dom Chairde.....	175
Mise.....	176
Ná Fan.....	177

Tar Éis mo Bháis (1978)

Dán Adhmholta, Mícheál Ó Gaoithín.....	181
Piscín.....	182
Teip.....	183
An Dán Dúr.....	184
Préachán.....	186
Údar.....	186
Joyce.....	187
Fáthadh an Gháire.....	189
Barra na hAille, Dún Chaoin.....	190
Eireablú.....	191
Crisis.....	192
An Gad is Giorra don Scornach.....	193
Clónna Über Alles.....	194
An Cloigeann Mícheart.....	195
Tar Éis mo Bháis.....	196

Tromluí.....	197
Nuair a Tháinig Fearg Orm le Muintir na Gaeltachta.....	198
Taoi Tagaithe, a Aodh.....	200
Gaoth an Fhocail.....	201
Suan na hÓige.....	202
Pobal Dé.....	202
Athmhúscailt na hÓige.....	203
Mo Bhás Féin.....	204
Banfhile.....	205
Áthas is Buairt.....	206
Gaoth Liom Leat.....	207
An Eochair.....	208
Do Striapach.....	209
Nótaí.....	211
Innéacs na gCéad Línte.....	213

RÉAMHRÁ

RÉAMHRÁ

Dá mhéid an meas a bhí ag Seán Ó Ríordáin ar Dhónall Ó Corcora ba mhó ná san fós a ghráin air; ní mór ná go raibh an meas ag cur leis an ngráin. Déarfá ná féadfadh aon chúis mhór a bheith aige air agus nár tharraing an Corcorach chuige riamh i gcló é, ach b'fhéidir gur chúis ann féin an méid sin. Tá an drochiontaoibh á nochtadh féin cheana sa dán 'Do Dhomhnall Ó Corcora' aige dar tosach

Éirigh is can ár mbuíochas croí dhó,
Do mhúin sé an tslí, (62)

Ach pé múineadh a bheadh déanta aige nó pé teagasc a bheadh tugtha aige, is ceacht é nár réitigh ar fad leis an Ríordánach gur mhó aige riamh an cheist ná an freagra agus gur ag dul ar amhras ba nós leis a bheith i gcónaí sa chuid is fearr dá shaothar. Slí í seo ná leanfadh sé. Dán ócáidiúil é seo, dán poiblí a ceapadh d'aon ghnó le cur in uimhir ar leith de *An Síol*, iris na mac léinn i gColáiste Ollscoile Chorcaí, a cuireadh amach sa bhliain 1948 in adhnó don gCorcorach a bhí éirithe as a phost mar ollamh le Béarla tar éis cúig bliana déag a bheith caite aige ann. Ach le linn dó a bheith á mholadh os ard i gcomhchlos d'aicme an léinn is é a leithéid seo a bhí á rá aige leis féin os íseal:

Ba mhaith leis an Ollamh Ó Corcora smacht do chur ar fhilíocht. Smachtaigh an bhorbshamhlaíocht. Smachtaigh an ego. Smachtaigh an fhoirm. Bím ag lorg soiscéil a bhréagnóidh é: e.g. deirim liom féin 'Is glic an smaoineamh é seo: "níl i litríocht neamhphearsanta an Ollaimh ach béaloideas".' Ach diaidh ar ndiaidh tá fealsúnacht an Ollaimh dá cur umam agam. Greadadh chuige, táim cráite aige. (Dialann, 13 Eanáir 1948)

Ní fhéadaim gan a thabhairt fé ndeara go bhfuil na nithe a scríobhaim anathanaí. Sin é an easpa traidisiúin mar a deir an tOllamh Ó Corcora. *Níl aon amhras ná go bhfuil saibhreas sa traidisiún. Tá sé cosúil le hithir.* Tá drochmheas agam anois, an neomat so, ar a bhfuil scríte agam. (Dialann, 19 Eanáir 1948)

Sceitheann sé air féin ábhar i dtreo dheireadh an dáin chomh maith, an té go mbeadh tuiscint ar a chúrsaí aige:

Braithim é gan sos ag éisteacht
 Mar athchoinsias;
 Tá smacht a chluaise ar lúth mo véarsa,
 Trom an chuing.

Tráthnóna na teangan in Éirinn,
 Is an oíche ag boghitim mar scéal,
 D'éist sé le creagar i véarsa,
 Is do chuala croí cine soiléir. (63)

Ach gluaiseacht eile a bhí fé rithimí a mhachnaimh féin nárbh fhéidir ligint do chluas an Chorcraigh aon chur isteach a dhéanamh uirthi nó gur di ba mheasa. San áit go dtiteann an dán chun seanchais agus chun seanchuimhne i bhfad ó láthair, tá sé curtha mar acht ag an gcinniúint ar an té a scríobh a bheith de shíor ina láthair féin. Agus pé rómánsaíocht a gheobhadh le bheith ag éisteacht 'le creagar i véarsa' ar lic an tinteáin 'tráthnóna na teangan in Éirinn/ Is an oíche ag boghitim mar scéal' thuig sé nárbh é a chúram féin le ceart é: é féin amháin gur bhain an chuid ba mhó agus ba thábhachtaí den scéal leis agus b'é féin nár mhór dó é a insint, agus ní ar an gcuma so é. Sa tslí le linn don bhfear eile a bheith á mholadh agus á mhóru aige go raibh á dhruidiúint uaidh san am céanna, agus dhruidfeadh a thuilleadh le haimsir mar raghadh an comhar gan díol. Pé cuma gur réitigh an tabharthas le Dónall Ó Corcora bhí cúpla dán eile ag an Ríordánach san uimhir chéanna de *An Síol* ná géillfeadh sé in aon chor dóibh agus ná tuigfeadh ach ar éigean, is iad san 'Roithleán' agus 'An Cat'. 'Ábhar nádúrtha' go bhfaigheadh sé blas air, an sórt a thabharfadh ort dul ag póirseáil ar fuaid na reiligí i d'aigne féin, mar a thug 'Inquisitio 1584' thíos Mháire Mhac an tSaoi air féin a dhéanamh.

Dhá bhliain ina dhiaidh sin is ea a foilsíodh *Nuabhéarsaíocht 1939-1949*. Seán Ó Tuama a bheartaigh ar dhánta agus ar údair agus a chuir i láthair iad, agus thug tosach go rábach don Ríordánach: chuir deich gcinn de dhánta leis sa chnuasach (cé nár chuir ach seacht gcinn le Máirtín Ó Direáin gur mó i bhfad a bhí foilsithe aige fén dtráth so) agus dúirt mar seo ina thaoibh:

Ach chun filíocht mhór a cheapadh, filíocht a fhreagróidh follamhas agus anbháthadh anma na haoise seo, caithfidh an file cur chun na teangan a athchruthú, le treoir traidisiúnta, chun caoi a thabhairt dó ar a mheon féin a nochtadh gan bhacaíl ar an nós nua-aoiseach. Is é sin atá á dhéanamh ag Seán ó Ríordáin. Gheofar ina chuid dánta go léir, go háirithe ins na dánta fada aige, léiriú gléineach ar acmhainn speisialta sin an fhile mhóir: a bheith ar a chumas gach cúinne dá aigne féin a nochtadh go hiomlán is go sásúil; samhailtí, meafair is comhfhocail nua á bhfeidhmiú chuige sin aige;

agus ina theannta sin athbheoú á dhéanamh aige chun a leasa féin ar shean-shamhailtí agus ar shean-nathanna cai[n]te. Tá an ard-acmhainn sin le brath in obair Uí Ríordáin ó thosach deireadh.

Sé cinn de dhánta le Máire Mhac an tSaoi a roghnaíodh le cur sa leabhar. Ina measc bhí ‘Inquisitio 1584’ a chuaigh i bhfeidhm chomh mór san ar Ó Corcora nár bhac sé le haon dán eile dá raibh sa chnuasach san aiste léirmheasa ‘Dán Cruinn Beo’ aige ar *Feasta*, Feabhra 1953. Aiste ana-shuimiúil ar shlí eile, leis, is ea í mar gurb é an t-aon áit amháin é go bhfuil anailís déanta i gcló aige ar shaothar Gaeilge atá ag teacht leis an gcuntas ag Seán Ó Tuama ar an nós imeachta a bhíodh sa rang aige: ‘Dhéanadh sé mar a bheadh méirínteacht go ceanúil ar théacs gach dáin, phiocadh amach na príomhfhocail nó na príomhshamhailteacha ann ar a raibh an bunmhothú nó an bunléargas bunaithe, thaispeánadh duit conas a d’oibrídis le chéile mar aonad slán ealaíonta.’ (*Scríobh 4* (1979), 94) Cineál léirmheastóireachta is ea é sin a bhraithimid go mór in easnamh ar *The Hidden Ireland* aige. An uair seo tugann téacs an dáin ina iomláine ar dtúis agus tosnaíonn ar an gcur síos mar seo:

Is ar éigean atá dán dá bhfuil de dhánta i *Nuabhéarsaíocht* is minicí a thagann os comhair m’aighe ná ‘Inquisitio 1584’ ó pheann Mháire Mhac an tSaoi, agus níl aon uair dá dtagann ná go dtugaim taitneamh dó. Tá dánta eile sa leabhar luachmhar san a bhfuil níos mó sonnrachais ag roinnt leo, ach má tá féin ní thagaid thar n-ais chun na cuimhne chomh minic leis, chun mo chuimhne-se ach go háirithe, agus ní hí an fháilte chéanna a gheibhid ar a dteacht.

‘Chugatsa san, a shean-chipín dóite!’ Mo thuairim go mb’fhéidir gur mó a ghoill an neamhthoradh a tugadh ar a shaothar féin san aiste sin ar an Ríordánach – cé nár neamhthoradh ar fad é ach toradh an doichill – ná aon aiste léirmheasa dá dtáinig ina dhiaidh sin. Ba chuma cad déarfadh an deisceabal, Ó Tuama, nuair ná raibh an máistir, Ó Corcora, sásta. Tráthúil go leor, fógraítear thiar i ndeireadh na haiste ‘ar fáil anois *Eireaball Spideoige* dánta le Seán Ó Ríordáin’. Bhí san, agus aiste ar ‘Filíocht Sheáin Uí Ríordáin’ ag Máire Mhac an tSaoi féin ar a shála ar *Feasta* na Márta. Tar éis di a rá go bhfuil ‘a lán rudaí fóna ins na dánta’ tá an méid seo aici:

Níl, mar sin féin, thar leath-dhosaon iarracht orthu atá slán folláin i gcáilíocht aistí neamhspleácha filíochta. Tá, dar liomsa, dhá phríomhchúis leis an leathchuma pheannaideach seo, agus gan ábhar na ndánta a phlé in aon chor fós. Siad san easpa máistríochta ar an dteangain agus easpa tuisceana do scóp meadaireachta na Gaeilge. Damhna mór dóchais é go

n-aithníonn Mac Uí Ríordáin féin an chéad cheann. Sé rud is croíúla sa leabhar an chaint uaidh ar an gclúdach, a léiríonn dúil a bheith aige ‘teacht i dtír i dteangain ná beidh i bhfad ó Ghaeilge na Gaeltachta’. Más dáiríribh dó á rá san, bíodh sé de chiall aige a chloigeann a líonadh den nGaeilge chéanna an fhaid atá sí le fáil aige. Díríodh sé a iarrachtaí ar labhairt seachas ar scríobh, ar éisteacht seachas ar labhairt; agus cuireadh sé a ghuí nach bhfuil sin ró-dhéanach aige, ach go bhfuil cumas foghlama fós ann, agus go bhfágfar aige máistrí chun a mhúinte.

Óir is ceann de na deacrachtaí a bhaineann le scríobh na Gaeilge gur teanga bheo í. Ní féidir dánaíocht thar meon a dhéanamh uirthi gan díobháil di. Ní féidir ach go háirithe a shocrú do réir reachta go mbeidh Gaeilge ar leith ina Gaeilge ar Bhéarla ar leith, agus gan de chúis leis ach gur saoráid sin do scríbhneoir éigin. Sé toradh a bhíonn ar a leithéid ná caint ná deir faic in aon chor, comharthaí nach féidir a léamh gan eochair.

Tá glacadh aici le dánta áirithe sa leabhar, ach níl ann ach san. Molann ‘Odi Profanum Vulgus’ ach ní moladh mór é mar ‘Ní filíocht mhór é, ach tá sé go deas snasta idir smaoinreamh agus léiriú. Níor náir iad an dá rann d’aon fhile a tógadh ón gcliabhán le Gaeilge. Tá dánaíocht bhreá cainte iontu, ach níl dá bharr san aon mhearbhall tuisceana ar an léitheoir, agus má tá fonn gáirí air is le toil an fhile atá, murab ionann agus i gcónaí sa chnuasacht so.’ Is é an dála céanna é ag a thuilleadh acu go dtugtar a bpas ar éigean dóibh, dánta a meastar ‘gan bheith ró-éirimiúil, a bhfuil éirithe go réasúnta leo.’ Áirítear ‘Bacaigh’, ‘Cúl an Tí’, ‘Scagadh’, ‘An Dall sa Studio’ agus ‘Siollabadh’ orthu so. Cuid eile fós acu ‘nach amháin go bhfuilid gan bheith go maith, ach go bhfuilid chomh dona san gurb ionann iad á léamh agus a bheith ag fáscadh ghainimhe fét’ fhiacila: ‘Tionóisc ó Neamh’, mar shampla, nó ‘An Peaca’ nó ‘Ní Raibh Sí Dílis.’ Chomh fada le hábhar na ndánta, níl in a lán de ach ‘gnáthscrupaill choinsiasa an ghnáth-Chaitlicigh óig sa tír agus san aois seo’ agus gan iad san féin tugtha leis go cruinn ar fad aige toisc iad a bheith ‘beagán falsaithe arnó de bharr culaith Ghaeilge a chur orthu ach inste go cuíosach firinneach tríd is tríd.’ Agus cé gur geal lena croí ‘an tsamhlaíocht mhórthaibhseach atá le haithint i measc an fhéinscrúdaithe go léir’ tá tréith eile a moltar dó a sheachaint feasta, ceann ‘gur leor mar chomhartha air’, dar léi, ‘teideal an leabhair, *Eireaball Spideoige*. Níl de thoradh i ndán don sórt san maoineachais ach mí-chompord a chur ar an léitheoir. Dá thúisce a caitear fé thón cártaí é sea is fearr.’ Sa tslí nár fágadh thíos ná thuas air é. Fágadh gan teanga, gan mheadaracht, gan ábhar puinn é, agus dá mb’é teideal an leabhair féin é níor tháinig sé slán. Agus níorbh é ‘Eireaball Spideoige’ amháin é ach an dán, ‘Adhlacadh mo Mháthar’, gur shamhlaigh sé a oiread san tábhachta leis gur chuaigh sé ag lorg an teidil air:

Ranna beaga bacacha á scríobh agam,
 Ba mhaith liom breith ar eireaball spideoige,
 Ba mhaith liom sprid lucht glanta glún a dhíbirt,
 Ba mhaith liom triall go deireadh lae go brónach. (67)

Bhí maoithneachas dá leithéid sin coiscthe feasta air, ná ní chleachtfadh puinn as so amach.

D'fhan an Ríordánach i leataoibh ón gconspóid phoiblí a lean, ach bhí údair eile a thug freagra thar a cheann: b'iad san Seán Ó Tuama, Máirín Ní Mhuiríosa agus Máirtín Ó Direáin; Ó Direáin is mó díobh go raibh seasamh neamhspleách aige mar fhile áitithe agus mar chainteoir dúchais Gaeilge, agus b'í breith a thug sé siúd ar an scéal tar éis é bheith cíortha go mion aige, an méid a bhain le mionphointí teanga go háirithe:

Ní abraim go bhfuil léirmheas Mháire Mhac an tSaoi éagórach go feasach, ach nuair cuirtear drochGhaeilge i leith file agus nuair a bréagnaítear ansin an cur i leith céanna, nó cuid de, níl le déanamh ach leithscéal umhal a ghabháil leis an bhfile. (*Feasta*, Bealtaine 1953)

Ach bhí an leithscéal gan ghabháil, agus in ionad aon mhaolú a dhéanamh ar an gcaint is amhlaidh a treisíodh léi sa chéad iarracht eile aici dhá bhliain ina dhiaidh sin ar *Studies*, earrach 1955. Labhrann arís anso ar na 'comharthaí nach féidir a léamh gan eochair', agus deirtear 'Chím an dainséar so ag bagairt ar Ó Ríordáin. An fhad a bheidh a chuid Gaeilge ina calc ar an mBéarla níl aige ach saghas Esperanto.' Agus in ionad aon toradh a thabhairt ar an ní a bhí ráite ag Ó Direáin tarraingíonn sí chuici é ar shlí eile ar fad chun tacú leis an áiteamh aici féin. Tosnaíonn le cúrsaí meadarachta, le ceol is le rithim na cainte, ach is í an abairt dheireanach a mhairbh ar fad é, mar nár mheasa leis Esperanto a chasadh leis ná an Béarlachas, agus a bhráthair gaoil trasna anonn uaidh, nár stad de bheith ag déanamh teasargain dó, curtha á fhéachaint leis.

San áit go raibh impithe cheana aici 'ar Mhac Uí Ríordáin filíocht na nuaGhaeilge ó aimsir Uí Rathaille anuas a léamh agus a mhachnamh' (cé nár dhóigh liom go bhféadfaí filíocht nó aon ní eile 'a mhachnamh') agus go raibh sé ráite aici go mbeadh 'grásta nó dhó aige féin le foghlaim ó fhile an Oileáin, ó Sheán Ó Duinnlé', is ó cheapadóireacht de shaghas 'Beauty Deas an Oileáin' aige, is é a deir sí anois:

Tá briste i bhfad níos glaine [ag Máirtín Ó Direáin] le seanfhuirmeacha an amhráin ná mar atá ag Ó Ríordáin, ach tá cloíte go dlúth aige le ceol nádúrtha na Gaeilge. Ní gá aon fhórsáil á dhéanamh ar rithim na cainte chun pátrún scaoilte na línte a leanúint. Ní gá aon fhórsáil a dhéanamh ar

bhrí réasúnta na bhfocal chun ciall a smaointe a thuiscint, agus go minic tá na smaointe lán chomh nua sa Ghaeilge agus atá aon inspioráid de chuid an Ríordánaigh. Samhlaítear dom gurb' é seo an difríocht idir an dá fhile: ní féidir an Ríordánach a thuiscint gan Béarla ná Máirtín Ó Direáin gan Gaeilge.

Ní ar *Feasta* ná ar *Studies* amháin a fearadh an cath mar bhí sé ar siúl ar *Inniu* ón 30 Eanáir, 1953, an lá a chuir C[iarán] Ó N[ualláin] tús leis sa léirmheas aige féin ar *Eireaball Spideoge*; cé nár cháineadh ar fad aige é, ba lánait leis cuid mhaith dá bhfuair sé roimhe. Bhí nithe áirithe, dar leis, nar chóir a chur i ndán; tugann iarracht ar an scéal a mhíniú mar seo:

Ba chuma file bheith comh sáite ann féin is tá Seán Ó Ríordáin dá luíodh a intinn ar smaointe a mbeadh bun nithiúil leo agus iad in aice croí an ghnáth-dhuine. Bhí a leithéid d'ábhar uilí aige i 'Adhlacadh mo Mháthar' agus sé an dán is fearr dar scríobh sé é. Ní hábhair dánta dar liomsa na smaointe aisteacha atá i 'Roithleán', 'Na Fathaigh', 'Ceol', 'Fan!', 'Feithideacht', 'Cláirseach Shean na nGnáthrud'.

Agus maidir leis an Réamhrá a bhí curtha aige leis an leabhar níorbh aiteas ná áiféis go dtí é:

Tá sé ar na píosaí scríbhneoireachta is iontaí dár léigh mé riamh. An féidir gur dáiríre a bhí an t-údar agus é á scríobh? Nó an i modh grinn a cumadh é, mar mhagadh ar na daoine a bheas ag ligean orthu go dtuigeann siad é agus gan a fhios acu ó thalamh an domhain caidé a chiallaíonn sé, ach oiread liom féin? . . . Is fearr damh gan aon rud a rá fá na barúla áiféiseacha fán anam, fán tsiorraíocht, fá chorp Chríost, srl., a snámhann chugainn i gcaint mheafarach mar bheadh néalta ag nochtadh tré cheo, agus iad bunaithe ar chiall iontach éigin a bhaineann Seán as 'geit' agus 'cimilt' agus an 'phaidir' réamhráite. Bhí sé an-amaideach an Réamhrá seo a fhoilsiú.

B'eo sa tsiúl arís an chaibideal agus an t-aighneas: Seán Ó Tuama, Máirtín Ó Direáin, Peadar Bairéad agus Máire Bhreathnach ag tabhairt gach re sea do C. Ó N. seachtain i ndiaidh seachtaine amach go dtí an 20ú Márta. Gleadh ar dhiagaire chun an scéal a réiteach agus cuireadh a bhreith siúd i gcló Márta 13; ní leis an Ríordánach a chuaigh:

Is follas ón chomhfhreagras ar *Inniu* go bhfuil foréigean á dhéanamh ar bhríthe traidisiúnta na bhfocal seo ['anam' agus 'paidir'] mar mhaithe le brí phearsanta an Ríordánaigh a chosaint. . . . Béidir gurb' é seo an laige is mó san Réamhrá: easpa cruinnis in úsáid téarmaí a bhfuil ciall bheacht leo

leis na cianta. Is tuigthe dúinn, ar ndó, nach mar dhiagaire ach mar fhile tá an Ríordánach ag scríobh. Mar sin féin, éinne a bheith ag baint ciall ró-scaoilte nó ró-phearsanta as téarmaí mar ‘anam’ agus ‘paidir’ ní féidir tada teacht de ach leonadh na firinne.

Ón uair gur cúrsaí diachta is mó a bhí sa treis an uair seo agus gur leis an Réamhrá a bhaineadar seachas leis na dánta, níor bhaol don gcaint dul chomh gairid don bhonn a bhaint de ina cháilíocht file agus a chuaigh an méid a bhí ar *Feasta* agus ar *Studies*; scéal thairis ab ea a leithéid seo cuid mhaith. Fós, chuir sé chuige go cáiréiseach gach páipéar riamh acu – bhí dhá chóip aige den uimhir go raibh an aiste ‘An Réamhrá seo mar chítear do dhiagaire é’ – agus choinnibh go dtí lá a bháis iad. Ag gabháil tríothu anois, agus iad i riocht titim as a chéile le haois is le neamhaird, déarfá leat féin nár mhór an ní ab fhiú iad ar aon taobh muna mbeadh ar lean de chiapadh is de chéasadh intinne is de lagmhisneach iad.

Ní raibh sa léirmheas, dá mba léirmheas é, ag ‘Thersites’ (Thomas Woods) ar *The Irish Times* ach leithscéal chun cás an scríbhneora sa Nua-Ghaeilge a phlé. Cé ná raibh an té a chuir an scéal ar bun gan báidh éigin a bheith aige le scríbhneoireacht na Gaeilge trí chéile, agus go mórmhór leis an scríbhneoir áirithe seo, níor dhóigh leis go bhféadfadh sé an bheart a dhéanamh go deo, dá fheabhas is a bheadh sé mar fhile. Níor luaigh dán ná focal leis dá raibh sa leabhar ná níor bhuail méar ar dhearúd dá raibh déanta aige. Níor chúrsaí dearúd mar sin é ach gur dhearúd aige ó thosach deireadh tabhairt fé fhilíocht a scríobh i nGaeilge agus gan an teanga aige féin ó dhúchas ná ag lucht léite an leabhair; ba léir breith a bheith tugtha aige roimh ré air agus é daortha aige de réir na teoirice.

In recent years there have been more successful experiments in writing in Irish poetry of a novel and of an emotional complexity equal to that of poetry in other modern European languages. The most striking of these experiments have been carried out by a young Cork poet, Mr Seán Ó Ríordáin, whose first volume of verse has now been published. . . . Mr Ó Ríordáin is a poet who has been influenced more by Mr Eliot and M. Valéry, one would say, than he has been by Aodhagán Ó Raithile. He has an interesting and sensitive mind and possesses remarkable skill in rendering his poetic thought into a language of which he is not a native speaker. This should be enough to guarantee that his first book is valuable, though difficult, reading.

Yet, I confess to a little doubt in my mind. There can be no question of Mr Ó Ríordáin’s quality as a poet in the abstract. But has he chosen the best channel for communicating? It must be extraordinarily difficult to write poetry in a language that is not native to one (in fact, I suspect it has

never been done). But the problem seems to me to be almost insoluble, if to this you add the difficulty of your audience. For to whom are Mr Ó Ríordáin's poems addressed? Hardly to native speakers, who would find difficulty in appreciating fully their import - not only from differences of environment (Mr Ó Ríordáin is a city dweller), but also because no matter how excellent Mr Ó Ríordáin's command of the language is, it can never comprehend that instinctive feel for the connotations of words and phrases that only a native speaker can have. It is possible for classical dons to write Latin and Greek verse, grammatically and metrically beyond reproach and of considerable charm for modern readers; but these verses would indubitably have seemed rather meaningless and possibly absurd to an ancient Roman or Greek. Mr Ó Ríordáin's audience is rather like that of the classical dons: it is people, like myself, who have acquired Irish in school and at college, and the communication involved must necessarily be somewhat artificial. In other words, it is difficult to avoid the impression that what is going on is a highly ingenious exercise, which, whatever its charm, has really very little to do with poetry.

Tháinig na freagraí go tiubh tapaidh agus freagra arís ar chuid acu san thar n-ais ag 'Thersites'. Seán Ó hÉigearthaigh, go raibh '(Stiúrthóir Bainistí), Sáirséal agus Dill, Teo.' curtha síos mar ionad agus mar údarás dó, agus Máirtín Ó Direáin ba staidéartha stuama á fhreagairt ar an dtéid chéanna; Mac Uí Éigearthaigh ar dtúis:

Although 'Thersites' has made Ó Ríordáin's poems the occasion of his disquisition on the importance of writing in one's native language, he has not rested his theories on any criticism of the content of the poems.

Níor mhiste do Mháirtín a fhiafraí de cad é an locht a bhí aige ar Ghaeilge an Ríordánaigh, agus gan aon locht aige féin uirthi, an té is mó a bhí i dteideal an scéal a mheas mar fhile is mar chainteoir dúchais:

In any case 'Thersites' has made no real attempt to show how the work of Seán Ó Ríordáin falls short of the standard he, 'Thersites', would expect from a native speaker. One wonders why? Surely this would be the only honest method of criticism in a case like this.

Dhá litir a chuir Patrick Kavanagh ar an leacht. Ba bheag air siúd aon ní i bhfoirm fianaise go háirithe nuair is le Gaeilge a bhain; toircheas bréige an nualitricht so ar fad:

Every sincere man and woman can see the ultimate death of the Gaelic language. But instead of facing the fact and trying to see what might be saved for the future - and we all wish something to be saved - they keep

saying that not only is old Mother Tongue not on her death-bed but that she is pregnant and about to give birth.

Freagra grod dá chuid féin ag Brendan Behan nárbh fhear teoirice riamh é féin agus dhein spior spear den scéal láithreach; bhí a oiread cirt ar a laghad ag Seán Ó Ríordáin chun na Gaeilge agus a bhí ag Samuel Beckett chun na Fraincise, dar leis:

‘Thersites’ informs us that there are parts of Ireland where Irish is the living language. He may be right. I was never far enough out of Dublin to find out what goes on in the bog. I see them all running out of it. . . . I don’t see, however, that Seán Ó Ríordáin, born in Baile Mhúirne, is not as well entitled to write in Irish, as Samuel Beckett, born in Dublin, is to write in French. Both are friends of mine and bedamned if I’ll make fish of one and flesh of the other.

Though, when all is said and done, I don’t think Ó Ríordáin will be much the worse of ‘Thersites’, nor Samuel Beckett anything better of a pull on the peak of the caubeen from him.

Gearradh amach gach litir bheag bhúi díobh agus cuireadh i dtaisce go cúramach na gearrthóga, uimhreacha óna haon go dtína sé curtha ag an Ríordánach le nithe áirithe a bhí ráite sa léirmheas ag ‘Thersites’ fé mar dá mbeadh sé i mbun freagra a thabhairt air, cé nár dhein ach oiread is a thug ar an gcuid eile acu. Thiocfadh léirmheasanna níos tuisceanaí le haimsir agus cuirfí i leataoibh iad san chomh maith; é seo, abair, ó John Jordan nuair a cuireadh an leabhar amach arís sa bhliain 1970:

Seán Ó Ríordáin’s revolutionary first collection was published originally in 1952. I had not read it through since and may be forgiven for approaching this handsome new edition in a mood of wariness.

Would the book’s impact be as great as it was eighteen years ago, when the *nua-fhiliócht* was still a strange and exciting phenomenon? Well, I found it even more arresting, and I do not credit that to the fact of knowing Irish a little better than I did eighteen years ago.

I do attribute it to being eighteen years older. Ó Ríordáin is not a poet for young men. To know him fully one needs the gravamen of experience. One needs to know the desolation of three o’clock in the morning, the atrocious ambushes of the heart, the shadow of death and, of course one needs, in Unamuno’s famous phrase, ‘the tragic sense of life’.

Ach ba ró-annamh a leithéid sin á rá leis i mBéarla nó i nGaeilge, agus ar aon tslí bhí sé i bhfad ródhéanach fén am san.

Dónall Ó Corcora agus Máire Mhac an tSaoi is mó go dtugtar toradh orthu sa dialann; dá laghad a bhuíochas orthu tuigeadh dó gurbh iad beirt a dhiongbhála iad. Níl an léirmheas ar *Feasta* ach díreach léite aige nuair a deir le seanbhlas air féin agus ar an té a scríobh:

Lá ná raibh suairc caite agam. Tá oiread spídiúcháin fachtá agam ó dhaoine mar Mhary McEntee go bhfuil eagla orm focal Gaeilge a bhreacadh síos. Tá *Parliament na mBan* á léamh agam agus mé i bhformad go mór leis an údar, an mháistreacht ar an dteangain atá aige. Táim gan aon iontaoibh agam asam féin, ach go háirithe. Mar sin féin ní i mBéarla a scríobhfaid go ceann tamaill eile. (Dialann, uair an mheán oíche, 8 Márta 1953)

Ní fios go cruinn cad dúirt an Corcorach leis go gairid ina dhiaidh sin, más é a dúirt; samhlaímid an comhluadar bailithe mar ba ghnáth, Seán Ó Tuama an tAthair Tadhg agus a thuilleadh acu, agus Ó Corcora mar cheann urra agus mar cheann comhairle orthu. Na léirmheasanna ag dul sa timpeall; ba bheag ba ghá d'aon duine acu a rá:

Tá an Carghas tharainn nach mór agus ní chuala aon cheol eaglaise. Tá uaigneas agus fuacht orm agus ní bhfaigheann mo chroí faoiseamh sa teangain seo mar a gheibheadh sarar thosnaigh na léirmheastóirí ag iarraidh mo theanga féin a bhaint díom.

Do thugas cuaird ar thigh an Ollaimh Uí Chorcóra istoíche Dé Sathairn 'imigh tharainn agus níor chodlaíos in aon chor an oíche sin le náire. (Dialann, Aoine an Chéasta, 3 Aibreán 1953)

B'fhuirist é a chur dá threoir riamh, ach is measa fós anois é agus pé iontaoibh a bhí aige as féin cheana cailte aige. Cé nach móide go raibh an t-am san riamh ann go ritheadh an fhilíocht chomh héasca leis go bhféadfadh sé 'véarsa a chrochadh ar gha gréine' – sa bhéaloideas agus sa chuimhne amháin a tharlaíonn san – is mó fós an t-amhras atá anois aige air féin agus fáth maith aige leis. San oíche nó go luath ar maidin is measa de ghnáth é; sleachta fánacha inár ndiaidh anso ab fhéidir a mhéadú fé thrí. Is déine air féin é ná aon léirmheastóir díobh, cé gur ag tógaint ar a gcuid cainte siúd a bheadh sé. Cuid den gcaint a bhí sroichte chuige i scríbhinn, cuid eile ó bhéal, agus an méid a bhí curtha aige féin léi ina shamhlaíocht le himeacht na haimsire. Ní i gcónaí a ainmnítear an té a chuir síol an amhras ina cheann ach is gnáthach é nó í le haithint ón dtréith a luaitear: is deacair gan 'maoithneachas gránna' a rianú siar go dtí an méid a bhí ráite ag Máire Mhac an tSaoi, abair, agus bíonn cóipcheart ag Ó Corcora ar gach a mbaineann le dúchas. 'Corkery' nó 'Korkery' is ea anois aige é, áfach, agus is fada ó thug sé 'Ollamh' air; 'táthaire' nó 'teallaire' is oiriúnaí leis a thabhairt anois air.

Bhí tráth agus is beag tinneas a chuirfeadh teanga orm. Do chrochfainn véarsa ar gha gréine an uair úd agus do choinneodh an ga gréine suas é. Na scoláirí agus na léirmheastóirí a bhíonn ag iarraidh lagsprid a chur orainn agus gan iontu féin ach mioscais. Cé thabharfadh toradh orthu ach amadán? Ach bíonn glór beag istigh á rá gur acu atá an ceart. Ní túisce glactha leis an nglór so ná siúd glór beag eile agus a mhalairt á rá aige. (Dialann, 12 Feabhra 1956)

An Eoraip ar maidin! An í seo an Eoraip? Tá daoine ann agus b'fhearr leo nárbh í. 'Ní mór dúinn an dúchas a chosaint ar an iasacht.' Féach an t-eiriceach beag mallaithe thíos i mBun an tSábhairne, Daniel Corkery as Anglo-Ireland, agus é ag síor-sheámsaireacht mar gheall ar dhúchas ná raibh riamh aige. Ach ní fheadar an ceist dúchais in aon chor í? Is ceist formaid í. Ní hé an dúchas a theastaíonn ó Daniel Korkery ach Daniel Korkery féin. Sin é an Hidden Ireland – eadhón Daniel Korkery féin. (Dialann, 8.12 a.m., 29 Aibreán 1958)

Dúisithe. Níl aon ghiorranáile orm. Mar sin féin nílím gan eagla. Go hobann chuimhníos ar na véarsaí úd a chuireas i dtosach *Eireaball Spideoige* ('Seo libh a dhánta tríd an tír . . .) agus tháinig náire orm. Maoithneachas gránna! Cad chuige d'aoinne cac den tsaghas san a scríobh?

Gan ach comhairle eaglach ár gcroí
I lár na hoíche diamhaire.

[. . .]

Tá baint agaibh le bualadh croí
Ar chuma an éin[ín] bheannaithe. ('Seo Libh', 39)

Cac, cac, cac ar fad! Mar sin féin is leor na línte seo, dá olcas iad, d'fheiscint scríte ar an leathanach chun mian doshásaithe na cumadóireachta a mhúscailt i nduine. (Dialann, 5.15 a.m., 25 Meán Fómhair 1958)

Bhíodh filíocht á scríobh sa Ghaeilge go dtí gur leag Dónall Ó Corcora a lámh mharbh uirthi. Mo mhallachtsa ar an dtáthaire! (Dialann, 17 Deireadh Fómhair 1960)

Oíche. Dá mb'áil liomsa gan éisteacht lena gcuid cainte siúd fé mheadarachtaí bheinn ag scríobh filíochta inniu. Ach d'éistíos leis an dteallaire beag Corkery agus lena thuilleadh acu. D'fhág san thiar orm. (Dialann, 12.20 a.m., 13 Feabhra 1961)

Ach is í an cheist ar deireadh: cad é an scéal ag an bhfilíocht é? Seo é an freagra a thug an Ríordánach féin ar Sheán Ó Mórdha nuair a chuir sé ceist air cén difríocht a bhraith sé a bheith idir *Eireaball Spideoige* agus *Brosna*. Cé

go mb'fhéidir nach iontaoibh a leithéid seo de fhreagra i gcónaí nuair is ag cur síos ar a saothar féin a bhíonn an file, dar liom go bhfuil an fhírinne ar fad aige maidir leis an 'inspioráid':

Má tá difríocht, tá an difríocht so, ach go háirithe – do cáineadh mé go mór nuair a cuireadh *Eireaball Spideoige* amach mar gheall ar mo chuid Gaeilge nó mo chuid easpa Gaeilge agus do dhírigh sé sin m'aire ar an nGaeilge níos mó b'fhéidir, agus b'fhéidir go bhfuil m'aire dírithe níos mó i m*Brosna* ar an bhfíriol ná mar a bhí in *Eireaball Spideoige*. Nuair a thosnaíos ar scríobh ar dtúis ní rabhas ag cuimhneamh ar an nGaeilge in aon chor, bhíos ag cuimhneamh ar an bhfilíocht. Bhíos tar éis bualadh le Yeats agus leo súd agus bhíos ag úsáid pé méid de Ghaeilge Bhaile Bhuirne a bhí fanta im cheann. I m*Brosna* is dócha go rabhas ag cothú na Gaeilge b'fhéidir. Léas trí *Eireaball Spideoige* agus faighim an-chuid lochtaí air cinnte. Anois is arís braithim ag gabháil tríd, braithim an rud ar a dtugtar filíocht áit éigin san aer b'fhéidir. Uaireanta eile braithim leamh ar fad é, gan aon rud ann. . . . Déarfainn ar chuma éigin go mb'fhéidir go raibh níos mó inspioráid agam an uair sin, b'fhéidir. (*Scríobh 3*, 174)

Cé gur ar an 'b'fhéidir' is treise é, níl aon amhras air, mo thuairimse, mar nach miste dhá leath go cruinn a dhéanamh de shaothar Sheáin Uí Ríordáin, an méid a bhí cumtha aige nuair a foilsíodh *Eireaball Spideoige* agus an méid a chum sé ina dhiaidh sin. Ní leor leis feasta an gaol sinseartha a bhí aige le cainteoirí dúchais ar a chine féin a mhaíomh, mar a bhí déanta cheana go fileata in *Eireaball Spideoige* aige:

Bhí lámh ag mo sheanathair ann,
Cé nár chleacht sé riamh filíocht,
Ach bhí duanaire bó bainne aige
Sa bhfeirm i gCiarraí.

[. . .]

Do fághadh bainne i bhfocalaibh,
An fhírinne i gcích,
Ní neamhionann crú na bhfocal san
Is sniogadh na siní. ('Dán', 117)

Nó a athair, Seán gréasaí, cainteoir dúchais eile de Ríordánaigh Bhreaca, a thug cúl leis an slua fadó riamh agus a lean go dílis dá cheird; ceardaí focal is ea é féin anois. Uaigneas na ceirde is ábhar don dán 'Odi Profanum Vulgus'. Oireann nath Horace go hálainn dóibh beirt. Ach tá níos mó ná san ann mar go mbraitheann tú an gaol eile, gaol an dúchais, á lorg agus á chur isteach aige laistiar.

Ní fada bhíonn duine ag cleachtadh gréasaíochta
Nuair thagann claochló ar a iompar,
Is labhrann sé feasta mar labhair leis na blianta
Gach bráthair a dhealbhaigh buatais.

Ní fada bhíonn duine ag cumadh filíochta
Go scarann le daoscar na céille,
Is gabhann sé go huaigheach mar gabhadh leis na cianta
Le tuairim is dínit na cléire. (47)

Ach ní féidir leis talamh slán a dhéanamh den ngaol san feasta arís. Is é mar a thosnaíonn *Brosna*:

A Ghaeilge im pheannsa,
Do shinsear ar chaillis?
An teanga bhocht thabhartha
Gan sloinne tú, a theanga (‘A Ghaeilge im Pheannsa’, 123)

Is i dtéarmaí comhriachtana a shamhlaíonn sé an scéal i ndán eile sa chnuasach céanna, ‘A Theanga Seo Leath-Liom’. Ionann teanga leath-liom agus teanga liom-leat: ní féidir lániontaoibh a thabhairt léi ná do rún a ligint léi. Ní mheileann leath-aighe ach an oiread le leathbhró; ina theannta san leathéan is ea é féin i gcónaí agus ní bhraitheann sé an teanga seo fial féna cuid. Ach ar a shon san tá sé meáite ar dhul inti agus leanbh a bhaint aisti ar áis nó ar éigean:

Ní mheileann riamh leath-aighe,
Caithfeam dul ionat;
Cé nach bog féd chuid a bhraithim tú,
A theanga seo leath-liom. (139)

Maidir leis an tríú dán den gcineál san sa leabhar, ‘Éisteacht Chúng’, is ródheacair gan aontú le ‘Flann Mac an tSaoir’ (Tomás Ó Floinn) nuair a deir gur sampla é den ní ‘a tharlaíonn nuair a leanann an gabha den bhualadh nuair atá an t-iarann fuartha. . . . Bhí sé ceart ag an bhfile éirí as seo tar éis an chéad cheithre líne.’ (*Feasta*, Eanáir 1966) Agus níor dhóigh liom iad san féin a bheith slán ar fad mar táim go mór in amhras ar an leagan cainte ‘bodhar don teanga Ghaeilge’ (‘deaf to the Irish Language’). Agus ón uair gur marbhghin ó thús é is beag a mheánn an ráiteas nó an forógra ina dheireadh. B’fhéidir go n-oirfeadh ‘Éisteacht Chúng’ mar fhreagra ar ‘Thersites’ ach, pé rud ba mhaith leis a mhaíomh, is mó atá sé ag géilleadh anso dó maidir le pobal a bheith aige nó gan a bheith:

Tá an slua bodhar don teanga Ghaeilge
 A chloisim ón Raidió á labhairt anocht,
 Is táimse iata in éisteacht chúng
 I lár na bodhaire Béarla istigh:
 Éisteacht na bodhaire is í is leithne,
 Is léi gach cluas,
 Cluas na tuaithe, cluas na cléire,
 Níl sí gan seilbh orainne,
 Cluas an tarna héisteacht:
 Bhfuil mo leithéid thart,
 Éistithe ar fad?
 Bodhaire ag éisteacht,
 Bailbhe ag labhairt,
 Urlabhra balbh
 Is éisteacht bodhar:
 Is mó éag a fuair an teanga seo againne,
 Ach go brách ní bhfaighidh sí éag ionainne,
 Cé gur minic í ar fionraí
 Dár lomdhearg ainneona. (152)

Is mór idir é agus ‘Fill Arís’ mar a bhfuil filíocht déanta den ráiteas sa tslí nach ráiteas níos mó é agus nach mar ráiteas is cóir é a thuiscint: é chomh mór san istigh leis féin laistigh den teanga agus oiread scóip fé go samhlaíonn sé ná teastaíonn ach í chun go mbeadh cead cainte againn go léir agus chun go labharfaimis fíor. Teanga na ndaoine déanta de ghramadach na leabhar agus fáil go flúirseach i nDún Chaoin uirthi agus siar amach ár stiúruí thar n-ais orainn féin, sa tslí go mba dhóigh leat gurbh í a bhí á labhairt riamh againn. Cló na teanga agus cló an chine comhfhad comhleithead le chéile; iad ag sroichint agus ag cothú agus ag ceiliúradh a chéile. Scéal thairis is ea ‘Shelley, Keats is Shakespeare’; ní le gráin orthu a cuirtear i leataoibh iad ach ná baineann siad le hábhar a thuilleadh agus nár bhain riamh le ceart. Ní teangeolaíocht í ná ní stair liteartha ná stair chultúrtha í ach lúcháir annamh an tsamhraidh, an fhilíocht agus an teanga ina n-aoirde lán:

Dein d’fhaoistin is dein
 Síocháin led ghiniúin féinig
 Is led thigh-se féin is ná tréig iad,
 Ní dual do neach a thigh ná a threabh a thréigean.
 Téir faobhar na faille siar tráthnóna gréine go Corca Dhuibhne,
 Is chífir thiar ag bun na spéire ag ráthaíocht ann
 An Uimhir Dhé, is an Modh Foshuiteach,
 Is an tuiséal gairmeach ar bhéalaibh daoine:

Sin é do dhoras,
 Dún Chaoín fé sholas an tráthnóna,
 Buail is osclófar
 D'intinn féin is do chló ceart. (154)

‘Do C’ a tiomnaíodh *Eireaball Spideoige*, is é sin do Cháit Ní Fhoghlú, an bhean ba throime a ghoid a ghrá riamh i gcaitheamh a shaoil. ‘Do mhuintir Dhún Chaoín’ a thoirbhrigh sé *Brosna*, agus ní fearr comhartha a bheadh againn ar an athrú a bhí tagtha ar a chúrsaí idir an dá linn. Níorbh é taobh na teanga amháin é ach an ní a bhí aige feasta le cur in úil inti agus an ní ná raibh. Bhí tamall gur shamhlaigh sé gnáthshaol a bheith i ndán dó, pósadh agus sláinte, a bheith ina dhuine mar chách. Tuileann saibhreas an tsaoil sin amuigh isteach sa dán ‘Saoirse’ agus tugann an dán sciúird reatha amach ina threo. Deineann móraíocht den tsuaraíocht láithreach. In aon tráthnóna amháin a cumadh, fómhár na bliana 1950. Is ar éigean a fhanann an raidhse leis na focail a theacht suas léi:

Is do thugas gean mo chroí go fíochmhar
 Don rud tá srianta,
 Do gach macrud:

Don smacht, don reacht, don teampall daoineach,
 Don bhfocal bocht coitianta,
 Don am fé leith:

Don ab, don chlog, don seirbhíseach,
 Don chomparáid fhaitíosach,
 Don bheaguchtach:

Don luch, don tomhas, don dreancaid bhídeach,
 Don chaibidil, don líne,
 Don aibítir:

Don mhórgacht imeachta is tíochta,
 Don chearrbhachas istoíche,
 Don bheannachtain:

Don bhfeirmeoir ag tomhas na gaoithe
 Sa bhfómhar is é ag cuimhneamh
 Ar pháirc eornan: (104–105)

Ceacht fuar folamh foirmeálta is ea ‘Daoirse’ *Brosna* i gcomórtas leis. Brí eile atá anois le géilleadh ‘Don smacht, don reacht, don teampall

daoineach / Don bhfocal bocht coitianta'. Ní hamhlaidh a shantaíonn sé bheith dá réir ach gur mar sin is fusa é. Áis ar fad is ea é. Ná dein acht is ná bris acht, ach bí umhal dó, is cuma cad é an sórt é. Ní smacht é muna mbeidh tú ag raideadh ina choinne. Ní luífidh an bhróg ort má oireann. Ní gramadach go teanga iasachta, abair; más í do theanga dhúchais féin í ní gá dhuit aon tsuim a chur sna rialacha a ghabhann léi: beidh siad agat gan buíochas duit agus gan de rogha agat ach iad a chomhlíonadh. Mar a chéile do nós imeachta pobail nó tíre. Labhair mar a labharfar leat agus beidh seasamh sa chomhlúadar agat. Bí i d'fhear mar chách, mar ba mhaith le daoine tú a bheith. Lig leo agus ligfear leat.

Bhí a leithéid cheana sa phrós aige, san áit gur chóir dó é a fhágaint, agus b'fhéidir a rá gur fhág chomh maith. Ní ag moladh leis an saghas so 'saoirse' a bhí sé ansan, áfach, agus is beag an baol go mbeadh glacadh aige léi, ach oiread agus a fhéadfadh sé cur suas leis an 'saoirse' a bhí geallta aige dó féin ó chianaibh. Fén teideal 'Éitheach Poiblí' a breacadh an méid seo:

Is fuath liom iad, adeir tusa. Cé hiad 'iad'? Na comharsain, an domhan mór, gach aoinne ach tú féin. Sin iad 'iad'. Cá bhfuil siad anois? Ag cur le chéile id choinnibh le fuath dhuit. Cé an chúis atá acu ort? Ná glacann tú leis an ngnáth-thuairim dhaonna - leis an éitheach poiblí. Daoine simplí iad, an ea? Sea, ar shlí, ach má thagann tú trasna orthu i gceart, bíd gan trócaire, fuilteach, brúidiúil. Má théann tú ar an ndeoch, tá sé ceart go leor má dheineann tú é fé mar a deintear de ghnáth é. Má thagann fearg ort, tagadh sí ort mar a bhítear ag súil le fearg a theacht ar dhuine. Má bhuaileann tú do bhean dein de réir an ghnáis é. Ach má dheineann tú aon ní ceart nó mícheart fé mar ná deintear é, bí ag faire amach an uair sin. Táthar ar do thí. (*Comhar*, Bealtaine 1967, 12)

Rannaireacht chliste, chliniciúil gan éifeacht í seo. Chuirfeadh meadhrán id cheann gan baint leis an gcroí. Ní ag labhairt le fear ná bean atá sé, ach de réir na teorice amháin. D'oirfeadh '*quod erat demonstrandum*' a chur ina dheireadh.

Dá labhródh bean leat íseal
 Ná hísleofá do ghuth?
 Dá mbeadh an bhean réasúnta
 Ná réasúnófaí tú?
 Ach gheobhair san ísleacht uaisleacht
 Mar uaisleofar do ghuth,
 Is tabharfar sa réasúntacht
 Mírreasúnú duit:
 Dá mhéid a ghéillfir uaitse
 Is ea is lú éileofar ort,

Ná tabhair don daoirse diúltamh
 Is tabharfar saoirse duit,
 Mar domhan is ea an tsaoirse,
 Is tír gach daoirse inti,
 Is níl laistigh d'aon daoirse
 Ach saoirse ón daoirse sin. (141)

Is ag cúngú ar raon na filíochta aige atá ó aimsir *Eireaball Spideoige* amach. Ní bheidh aon oidhre ar 'Cnoc Mellerí' ná ar 'Oilithreacht fám Anam' ná ar 'Oileán agus Oileán Eile'. Níl sé chomh huaimhianach agus a bhíodh, ná ní bhraitheann tú an faobhar céanna chun an tsaol air. Cuimhnigh (agus cuimhníonn sé féin, leis, ní foláir liom) gur leath sé a bhrat cheana go fada fairsing mar nár féadadh a chumhdach. Is fada arís go scaoilfidh sé fé dhán a thabharfaidh iarracht ar an mbrí atá leis an saol go léir a thabhairt leis; ní éireoidh de dhroim na talún mar seo feasta, agus cé déarfadh ná go raibh an teanga fé dhó an uair sin?

I bhfirinne na haigne
 Tá oileán séin,
 Is tusa tá ar marthain ann
 Is triall fád dhéin,
 Ná bíodh ort aon chritheagla
 Id láthair féin,
 Cé go loiscfidh sé id bheatha tú,
 Do thusa féin,
 Mar níl ionat ach eascaine
 A dúirt an saol,
 Níl ionat ach cabaireacht
 Ó bhéal go béal:
 Cé gur cumadh tú id phaidir gheal
 Ar bhéal Mhic Dé
 Do scoiltis-se do thusa ceart
 Le dúil sa tsaol,
 Ach is paidir fós an tusa sin
 Ar oileán séin,
 A fhan go ciúin ag cogarnach
 Ar bheolaibh Dé
 Nuair a rincis-se go macnasach
 Ar ghob an tsaol. ('Oileán agus Oileán Eile', 86–8)

Ceann de na dánta a bhí in *Eireaball Spideoige* gur mhar a chéile ag Máire Mhac an tSaoi 'bheith ag fáscadh ghainimhe fét' fhiacra' agus bheith á léamh ab ea 'Ní Raibh Sí Dílis'. Tuairim dá malairt a bhí ag an Ríordánach, roimhe

sin ar aon chuma: ‘Ní thagann filíocht – fíorfilíocht – ach sa bhfómhar. Sa bhfómhar a scríobhas “Ní Raibh Sí Dílis” agus bhí filíocht ann.’ (Dialann, 8 Meán Fómhair, 1950) Ach tagann an t-am gur cuma cé hí féin agus gur cuma í bheith dílis nó gan a bheith. Bean í seo go mbíodh éileamh aige uirthi tamall, agus gan fanta anois den ngrá ach an bhínb. ‘Bás Beo’ as *Línte Liombó* :

Fuair sí bás ó anuraidh,
inléite ar a cló,
ní bean na bhfear í a thuilleadh
ach rud fuar gur ghéill sí dhó,
í féin an uaigh ina bhfuil sí curtha,
faraoir, beo. (173)

Ach ní cás aon duine amháin é, mar braitheann tú an fuaradh agus an reo ar an dá thaobh. Fáisceann agus faighreann na seantéamaí aige go dtí nach féidir iad a thabhairt níos sia. Oícheanta agus stoirmeacha *Eireaball Spideoige*, ‘An Doircheacht’, ‘An Stoirm’ agus ‘Oíche Nollaig na mBan’, tugtha chun foirfeachta agus chun críche i ‘Claustrophobia’ *Brosna*.

In aice an fhíona
Tá coinneal is sceon,
Tá dealbh mo Thiarna
D’réir dealraimh gan chomhacht, (127)

Ba dheacair dul thar chuntas Sheáin Uí Thuama ar na línte tosaigh sin ‘Claustrophobia’:

An radharcra a chuirtear os ár gcomhair sa chéad cheithre líne – dealbh, fion, coinneal, dorchadas – thuigfí é in aon tír ar domhan, nó in aon ré aimsire. Tá sceirdiúlacht altórach, ar a mbeadh íobairt le hofráil, ag roinnt leis an suíomh – agus tá amhras, is léir, ar an bhfile gurb é féin atá le híobairt. (*Filí Faoi Sceimhle*, 22)

Ar na dánta eile in *Brosna* nár mhiste a áireamh ina measc súd gur éirigh leis breith ar ábhar cóir agus cuibhreach daingean focal agus foirme a chur orthu bhí ‘Rian na gCos’, ‘An Feairín’, ‘Guí’, ‘Reo’, ‘Na Leamhain’ (ábhar éalaitheach éiginnte), ‘In Absentia’, ‘Fiabhras’. ‘An Lacha’, ‘An Gealt’, ‘Bagairt na Marbh’, agus ‘Fill Arís’ a luadh cheana. Níor mhór ar fad iad i dteannta a chéile agus cúpla ceann eile a chur leo. Agus más iad buaic féin iad, braitheann tú an bonn ró-chaol ró-bhriosc fúthu agus go gcaithfidh tabhairt uaidh gan mhoill, mar a thug go luath, dar liom. Ach sin é mar is luachmhaire iad, b’fhéidir, gurb annamh dánta chomh dea-eagair deamhianaigh leo a bhualadh umainn. Tóg ‘An Gealt’, abair:

Tá ag géarú ar a fuadar ó iarnóin,
 Is go bpléascfaidh sí a haigne géaróidh,
 Tá an seomra ina timpeall ag géarú maille léi,
 Agus na freagraí atá faighte aici, táid géaraithe dá réir,
 Ach cuirfear í go teach na ngealt le hamhscarnach an lae,
 Chun go maolófaí an seomra is na freagraí is í féin. (146)

Braitheann tú rithimí na buile ag imeacht ar fuaid an tseomra agus á líonadh, cheal slí éalaithe a bheith acu, nó go mbíonn sé i riocht pléascadh. ‘Ag géarú’, ‘fuadar’, ‘go bpléascfaidh’, ‘géaróidh’, ‘ag géarú’, ‘géaraithe’ ag tóraíocht a chéile mórthimpeall an tí sa cheithre líne tosaigh. Tá an té atá ag cur faobhair ar fhocail agus ar nithe le fuinneamh na haicéide aici agus an té atá iata suas istigh léi gur baolach dó an aicíd agus a leanann é a ghlacadh seilbhe air féin. Ansan braitheann tú an teannas buile á scaoileadh isteach sa dá líne fhada dheiridh gan bhriseadh, mar a bhfuil dóthain slí aige, an seomra agus an aigne ag maolú agus ag dul chun suaimhnis de réir mar a ligtear an ghealt agus an ghealtacht chun siúil. Pé ní a tharlóidh ar maidin go moch tá fuascailt faighte laistigh den dán cheana.

I dtreo deireadh a shaoil, idir *Brosna* agus *Línte Liombó* a theacht amach, scríobhann

Chuireamair aithne ar scata fear lenár linn atá anois san uaigh. Ach maireann siad ina gcuid focal. Rugadar ar fhocail fé mar ba chlocha iad agus chaitheadar leis an gcinniúint iad. Is mó a mhaireann na mairbh sa mhéid dá gcuid focal atá fanta im chuimhne ná sa chuimhne atá agam ar a bpearsain. Fir agus mná na doirne beaga focal úd atá fanta inár gcuimhne. Cad is fear nó bean, tar éis an tsaoil, ach iarracht a deineadh ar an gcinniúint a throid? (Dialann, 29 Eanáir 1969)

B’fhéidir a rá go mb’fhéidir gurbh in é an rud ba mhó a bhain leis: gur lig sé dúinn aithne a chur ar phearsain ar chuma nár dhein aon duine riamh roimhe ná ina dhiaidh sa Ghaeilge, mar dhein litríocht de na clocha so aige má ba urchaill iomraill féin cuid acu. Ach braitheann tú é féin agus an chinniúint ag ídiú a chéile, ag caitheamh a chéile amach de réir a chéile. Is mó a glactar le haois agus le haimsir leis an rud atá i ndán; ní thaibhsíonn an tubaist a bheith chomh tubaisteach níos mó. Ní hiad sluaite na hoíche amuigh sa chlós a thuilleadh iad; táid tagtha i láthair agus tá glactha go muinteartha leo. Ní fiú bheith ag fógairt ‘poblacht solais’ feasta; tá aimsir an dúshláin is na troda thart. Tréigeann dath is déanamh de réir mar a sloigtear isteach sa doircheacht iad: nithe agus duine agus an saol ab aithnid dó imithe ar lár; leisce air iad a mhúscailt arís. Ligeann dóibh sleamhnú uaidh:

Do thit an oíche diaidh ar ndiaidh
 Go dtí gur mhúch an uile rud,
 Do dhein comhdhubh de dhubh is geal,
 Do chaill cathaoireacha a gcruth,
 Do chuaigh an seomra ar ceal,
 Do shloig an dubh an uile chruth:
 I mbroinn na doircheachta tá domhan,
 Is féidir liom é bhrath lem láimh,
 Níl fanta ach a chuimhne agam,
 Is leisc lem chuimhne é a athchruthú. ('Solas', 172)

Sa bhfilíocht dhéanach aige is tábhachtaí leis na clónna ná na daoine go mbíodh cónaí orthu iontu tamall, daoine atá adhlactha ina aigne mar atá sa dán 'Gailearaí', daoine atá ar tí dul as aithne air. Glaonn sé thar n-ais orthu, ní le cion mór orthu

Ach ba mhaith leat iad a theasargan
 Sula gcruadh an plaosc ar fad orthu,
 Is ná beadh fanta id ghailearaí
 Ach frámaí caoch' do-aitheanta. (148)

Frámaí ar fad atá i *Linte Liombó*, geall leis; ní fiú an pictiúir áirithe a bhac níos mó agus is ar éigean a aithneodh an té a bhí ann tráth dá bhfeicfeadh. Sa dán 'Súile Donna' níl fanta beo den mbean ach na súile 'i bplaosc a mic'; cuirtear mar cheist, dá mba cheist í:

Ab shin a bhfuil de shíoraíocht ann,
 Go maireann smut dár mblas,
 Trí bhaineannú is fireannú,
 Ón máthair go dtí an mac? (158)

Is gearr gur cló díobh é féin. Ionann san is a rá ná raibh sé riamh ann le ceart ach go mbeidh sé go deo ann ar a shonsan. Gan de 'phaidir' anois aige puinn ach paidir an bhacaigh a bheith déanta aige de phaidir an dáin gur thrácht sé fadó air sa Réamhrá le *Eireaball Spideoige*. Buillí traochta déanacha an tSathairn á bhualadh arís is arís eile aige ar an dtéama céanna; déarfá gur cuma anois nach mór ann nó as é. A leithéid seo as 'Toil' *Linte Liombó*:

An rabhas-sa le brath
 Inar gineadh dem shinsear?
 An rabhas-sa im rud
 Sular gineadh i mbroinn mé?

An rabhas-sa im ní riamh
 Gan tús liom ná deireadh?
 An mairfead-sa choíche
 Ag malartú seithe?

[. . .]

Níl ionam ach ball
 De chorp san mo shinsir,
 Is mairfidh an corp
 Nuair a bheidh an ball cloíte.

Níl ionam ach gníomh
 A thoiligh Toil Sheanda,
 Is gníomhóidh sí léi
 Nuair a bheadsa ar thaobh teampaill. (166–7)

Is den sliocht céanna ‘Clónna Über Alles’ a chríochnaigh sé Lá ’le Bride 1977, trí seachtaine sarar cailleadh é; thug do Sheán Ó Mórdha é le cur i gcló i *Scríobh 3*. Ach ní raibh sé gan speach áirithe a bheith ann sna blianta deireanacha so. Tá ceol fós á bhaint as an dteanga aige i ndánta mar ‘Joyce’ agus ‘Banfhile’. Fíodóireacht focal, spraoi cainte, ar fad is ea ‘Joyce’, ag aithris ar an té ónar ainmníodh an dán; ba dhóigh leat gur mó atá sé ar a shuaimhneas leis ná mar a bhí sé riamh le Corkery is lena shoiscéal nár chreid sé riamh i gceart ann cé gur ghéill sé dó tamall:

Ag triopallacht a fhriotalú táim treascartha,
 An fhoirmiúlacht laideanta,
 Ní mé mé le linn dom machnamh air,
 Ach é siúd – tá lagú ann.

Do chomhraiceas le focail i bhfarradh leis,
 Tá sé ’om thionlacan – an t-aingealdeamhan:
 Scigshagart é ag rá scigaifrinn,
 In éide scigaifrinn ifrinn. (187)

Ag cleithireacht mhagaidh atá sé i ‘Banfhile’, cé nach mar sin a tuigtear i gcónaí é. D’aithris sé os ard é i láthair Dhámhscoil Mhúscaí na bliana 1971. Tuigfí go maith don lucht éisteachta gur banfhile áirithe atá sa treis agus go bhfuil sé fuar aici bheith ag iarraidh ceann cuinge a choimeád leis féin, mar dhea. Ach ní le seanbhlás a deir, maran le cion ar fad fós é; sult á baint as an dteanga arís aige thar aon rud eile agus é in ard-ghíumar, rud ab annamh leis:

Is ait liom bean a bheith ina file,
 Tuigtear dom gur gairm staile,
 Cúram fireann, dúthracht raide,
 Is ea filíocht a bhaint as teanga:

Le fórsa fireann, éigean buile,
 Tugtar slán an ghin chun beatha;
 Is mó ná ait liom file baineann,
 As an mnaoi a baintear leanbh

[. . .]

Ní file ach filíocht an bhean.
 Má théann na béithe le filíocht
 Is gearr go nginfidh siad leanaí
 Gan cabhair ón bhfireannach ina mbroinn,

Is ní file ach neamhní an fear. (205)

Is an-dheacair dúinn anois dul siar ar an iontas a lean filíocht an Ríordánaigh a theacht amach agus go háirithe *Eireaball Spideoige*. Míorúilt ab ea é sa tsaol a bhí ann an uair sin. B'fhéidir gurb iad na léirmheasanna is fearr a thugann léiriú dúinn ar an scéal. Muna mbeadh aon mhaith eile iontu, agus is beag é go deimhin, taispeánann siad a laghad a tuigeadh cad chuige go raibh sé. Ní chun sean-aigneas nó seanfhalaí a mhúscailt a cuirtear síos anso iad ach chun an nuaíocht agus an easpa tuisceana san a thabhairt chun cuimhne. Glacaimid anois leis gan an dara ceist a chur orainn féin; is é an traidisiún é go gcaithfidh an chéad duine eile bheith aireach air. Táimid ar fad 'Ríordánaithe' i gan fhios dúinn sa tslí ná haithnímid ár guid féin seachas a chuid siúd. (Dála an scéil, bhí údarás cianársa aige le briathar a dhéanamh dá ainm féin, mar go raibh a leithéid déanta míle bliain roimhe sin ag údar an scéil *Loinges mac nUislenn* mar a bhfaightear foirm bhriathartha 'derdrethar' ag freagairt don ainm 'Deirdriu'.) Dar linn go minic gur linn féin ciúta cainte nó machnaimh nó go bhfeicimid cheana aige siúd iad. Bhain sé geit as an teanga fé mar nár bhain aon duine eile le fada riamh. An nath san féin – geit a bhaint as teanga – is leis siúd é. Máirtín Ó Direáin féin, dá fheabhas é, ní théann sé i bhfiontar a anama ar chuma an Ríordánaigh, ná ní bhraithimid an dánaíocht, an déine, an paisean ná an dearg-riachtanas céanna ina shaothar. Mhaígh sé uair amháin, ag tagairt do roinnt cairde leis:

Lucht ollscoile iad san. Maidir liomsa níl ionam ach bodach. Ach BÍM I
LÁTHAIR agus ní dóigh liom go mbeidh aoinne acu san i láthair go bráth,
bráth, bráth na breithe. (Dialann, 8 Aibreán 1949)

D'fhág é bheith i láthair an uair sin i láthair i gcónaí é.

– *Seán Ó Coileáin*

EIREABALL SPIDEOIGE



RÉAMHRÁ

Cad is filíocht ann? Aigne linbh? Samhlaigh beirt i seomra, leanbh agus a athair, agus capall ag gabháil na sráide lasmuigh. Féachann an t-athair amach agus adeir: ‘Sin capall Mháire ag dul thar bráid.’ Sin insint. De réir dealraimh cailleann an t-athair an capall toisc go bhfanann sé lasmuigh dhe. Abair gur galar capall. Ní thógann an t-athair an galar sin. Ní shaibhríonn an capall beatha an athar. Ach an leanbh – airíonn sé fuaim an chapail. Blaiseann sé fuaim an chapail ar son na fuaimé féin. Agus éisteannt leis an bhfuaim ag dul i laghad agus i laghad agus ag titim siar isteach sa tost. Agus is ionadh leis an fhuaim agus is ionadh leis an tost. Agus breithníonn sé cosa deiridh an chapail agus déanann ionadh dá n-údarásacht agus dá seandacht. Agus líontar an saol de chapall-alltacht agus de shodardhraíocht. Sin bheith – bheith fé ghné eile. Agus sin, dar liom, filíocht. Maireann an leanbh fé ghné chapail. Abair gur múnla anam linbh. Caithfidh dul nó dúchas an mhúnla a bheith ar gach rud a thioctaidh as. *Et protulit terra herbam virentem, et facientem semen juxta genus suum . . .* Tá an t-anam nó an múnla sin le fáil i gcapall agus i dteanga agus i ngach rud eile. Seo an rud a dúirt Raissa Maritain ina thaobh:

Nach doimhin é an réigiún íochtarach ina maireann dúchas na hurlabhra! Conas a fhoghlaimíonn leanbh teanga iasachta? Ón dtaithí atá agam féin air, creidim nach amháin ó bheith ag cur blúirí áirithe eolais le chéile é, agus nach ceist foclóra ná cuimhne ar fad é . . . gur cosúla go bhfaigheann an aigne eolas ar shainfhoirm – foirm ina bhfuil ailtireacht uile teanga le fáil mar atá ailtireacht chrann daire le fáil sa dearcán.

Agus seo mar a dúirt Stiofán mac Enna é: ‘. . . an ní eile úd atá ann dáiríre is atá an-éifeachtúil cé gur deacair é mhíniú, sé sin meanma na teanga’ (*Mo Chara Stiofán*, Liam Ó Rinn, lch 85). Ba mhaith liom paidir a thabhairt ar an rud dúchasach, an sainrud, a thagann as an múnla.

Nuair a deirim go maireann an leanbh fé ghné an chapail is iad seo a leanas na nithe atá i gceist agam, measaim. Bíonn báidh chomh diamhair sin ag an leanbh le sodar agus le seitreach agus le moing agus le gach rud eile a bhaineann go háirithe le capall go slogtar é, mar a slogadh Turnbull, isteach in atmasféar an chapail (féach thíos an dán *Malairt*). Téann an leanbh anonn go dtí an capall. Ach is leanbh a théann anonn agus ní capall. Déanann an leanbh iarracht, ámh, ar bheith ina chapall, ar phaidir an chapail a rá, le méid a uaignis. Bíonn uaigneas ar an leanbh toisc ná raibh

sé riamh ina chapall, mar a bhíonn orainn go léir nuair a machnaímid le báidh ar threo nár ghabhamar – cf. an dán *Burnt Norton* le Eliot:

*Footfalls echo in the memory,
Down the passage which we did not take,
Towards the door we never opened
Into the rose-garden.*

Seo an leanbh ag leaschaitheamh na capall-laethanta nár chaith sé riamh. Ach conas atá anois ag na múnlaí? Conas atá ag na paidreacha? Seo iarracht linbh, paidir linbh. Ní féidir gan dul múnla an linbh a bheith ar an iarracht seo. Ach cár ghaibh paidir an chapail? Nár dhein an leanbh iarracht ar an bpaidir sin a rá? Nár tomadh an leanbh sa chapall? Nár mhair an leanbh fé ghné an chapail? Ní dócha gur thréig an leanbh a mhúnla féin. Ní bheadh sin ar a chumas. Ach níor ghaibh sé chomh saor ón gcapall agus a ghaibh a athair – duine nár bhlais. Dá gcumfadh an leanbh dán in am seo a bháidhe agus a uaignis an mbeadh paidir an chapail le fáil sa dán chomh maith le paidir an linbh féin? Measaim go mbeadh dá n-éireodh leis an leanbh dán ionraic a chumadh (bheadh an tríú paidir le fáil ann leis .i. paidir an dáin féin, mar tá paidir i ngach rud dar liom, rud a mhíneod ar ball). Agus ní tagairt don chapall a bheith sa dán atá i gceist agam, ná insint fé. B'fhéidir ná luafaí capall ann in aon chor ach go mbraithfí meanma capaill a bheith ann fé mar a bhraithfí meanma linbh agus meanma na filíochta ann mar ní insint dán ach bheith. Ach cár ghaibh paidir an chapail? Ní dóigh liom gur leor de mhíniú air a rá go scaoiltear paidir an chapail isteach i múnla an linbh mar a scaoilfí umha.

Cá bhfios do dhuine ar scríobh sé líne filíochta riamh? Cá bhfios dó cad is filíocht ann? Más aon chomhartha orthu an fuath a bheirim dóibh ar uairibh níl filíocht ar bith im líntese. Ach is minic a bhraitheas gnó neamhchoitianta a bheith idir lámha agam agus mé á gcumadh; gnó seachas scríbhneoireacht nó ceapadóireacht, gnó a bhí níos cóngaraí do ghlanadh. Measaim go rabhas i riocht duine a bheadh ag glanadh meirge nó clúimh léith d'íomhá agus ag lorg agus ag athnuachaint na bundeilbhe – ag lorg grinnealldromchla. Má chuirtear an glanadh seo, an tóch seo, i gcomórtas le casachtach le linn slaghdáin, is féidir an bhundealbha a shamhlú le scamhóg. Nó is féidir an gnó a shamhlú le dall ag léamh Braille. Is aithnid dúinn go léir an dromchla, an fhoirm seo a scagadh ó gach foirm eile; ní fios conas is aithnid; agus is eol dúinn é a bheith seanda, bunúsach, údarásach, buan, álainn agus ní féidir teagmháil leis gan geit áthais (gan amhras is cur síos idéalta é seo ar an ngnó bacach neamhionraic a bhíodh ar siúl agamsa).

Cad é an bhundealbh áthasach seo? An é ár n-anam, ár meanma, ár sainfhoirm, ár múnla é? Nó an é múnla an ruda ar a ndéanaimid báidh-mhachnamh é?

Bheirim fé ndeara gur fusa dán a chumadh ar tharlachtaint áirithe ná ar abhar ginearálta. Is fusa, cuir i gcás, dán a chumadh ar bhás áirithe ná ar an mbás go coiteann. Is luaithe a thagann an gheit. Agus ní saolaítear dán gan beo-gheit. Measaim go ngineann cuimilt geit – cuimilt idir an chuid is ingheite dínne agus an chuid is ingheite de rud eile. Ach conas a gheiteann bás sinn níos túisce ná an Bás?

Ní mór dom paidir fé mar a thuigim í a mhíniú ar dtúis. Measaim gur féidir le gach duine, gach rud, gach scuaine, gach conairt, gach muintir paidir a ghiniúint toisc go bhfuil anam nó múnla iontu. Ní foláir anam a bheith iontu mar sin é an smaoineamh dar de iad. Leagan dár bpaidir is ea an corp cré atá umainn. Ní beoleagan é ach leagan lochtach, leagan atá faon, trom, truailithe, neamhdhírithe – rud nár brostaíodh leis an sprid, rud ná fuil ar crith de shíor le beo-gheit na spride. Ach beidh corp eile umainn tar éis Lá an Bhreithiúnais, corp a bheidh de shíor fé gheit. Sin é an corp a bhí ar Chríost tar éis an Aiséirí. Agus sin é an corp a bhí i gceist ag Naomh Agaistín i gcaibidil XX, XXII, XXIII, den XIIIú leabhar den *De Civitate Dei*.

Is é an corp seo a bheidh umainn tar éis an aiséirí (.i. má slánaítear sinn) ár bpaidir foirfe .i. ráiteas deiridh ár n-anma. Rud álainn é. Ní mór dó bheith álainn, mar is sainrud é. Is é féin caighdeán a áilleachta féin. Agus níl sa chorp cré atá umainn ar an saol seo i gcomórtas leis ach pleist, Caliban. Ach is féidir linn paidir níos glaine ná an corp cré a rá agus sinn ar an saol seo. Is féidir linn sinn féin d'ardú mar thúis i láthair Dé trí mhaireachtaint i ngníomh oiriúnach. Is é an gníomh seo ár bpaidir sa chiall is glaine agus sinn ar an saol seo, agus ní bheadh aon ionadh orm dá mba réamhinsint (nó réamh-mhaireachtaint, ba chruinne a rá) é ar an gcorp a bheidh umainn sa tsíoraíocht. Dhá rud iad ar a mbeidh an séala céanna – séala ár múnla – agus beid araon fé gheit. Seo mar a labhrann Hopkins i dtaobh an ghnímh seo:

*As kingfishers catch fire, dragonflies draw flame:
As tumbled over rim in roundy wells
Stones ring; like each tucked string tells each hung bell's
Bow swing finds tongue to fling out broad its name;
Each mortal thing does one thing and the same:
Deals out that being indoors each one dwells:
Selves – goes itself: myself it speaks and spells:
Crying, what I do is me: for that I came.*

*I say more: the just man justices;
Keeps grace: that keeps all his goings graces:
Acts in God's eye what in God's eye he is –
Christ – for Christ plays in ten thousand places,
Lovely in limbs, and lovely in eyes not his
To the Father through the features of men's faces.*

Ach is ar scáth a chéile a mhaireann na daoine agus na paidreacha. De réir dealraimh, ní féidir le duine paidir a ghiniúint gan machnamh ar rud nach é féin – ar threo nár ghaibh sé, mar a dhein an leanbh. Más mian le duine é féin d'ardú mar thúis i láthair Dé, is thar lear a gheobhaidh sé an túis – thar lear i nduine nó i rud eile. Ní mór dó foirm éigin seachas a mhúnla féin a chreidiúint agus umhlú di. Ní mór dó snoíodóireacht sheachtrach na firinne d'aithint agus ómós a thabhairt di. Mar níl aon bhlas ag duine ar a bhlas féin. Agus ní féidir le duine cuimilt leis féin agus é féin a gheiteadh. Is amhlaidh a gheiteann sé rud eile (rud teibí go minic, mar ghréasaíocht nó ailtireacht nó banaltracht). Geiteann siad a chéile. Ní hamháin go ndúisítear a phaidir féin ach dúisítear paidir an ruda eile chomh maith. Éiríonn an duine agus an rud gníomhach agus comhghníomhaíonn siad nó comhphaidríonn siad. Tarlaíonn cuimilt idir an chuid is ingheite díobh araon .i. idir an dá ghníomh, an dá phaidir. Ansin tagann an gheit agus as an ngeit a ghintear an rud nua mar dhán nó eaglais nó bróg nó fuaim ag a mbíonn a mhúnla agus a phaidir féin. Ach sa ghin nua seo beidh paidreacha a sinsir le fáil chomh maith lena paidir féin. Beidh paidir an ailtire agus paidir na hailtireachta agus paidir na heaglaise le fáil san eaglais. Is intuigthe as seo go bhfuil múnla agus paidir agus faonleagan ag rudaí teibí chomh maith le rudaí neamhtheibí. Agus creidim gurb amhlaidh atá. Agus creidim gurb é faonleagan na hailtireachta an ailtireacht neamhghníomhach.

Tá aithne agam ar bhanaltra. Abair gurb í an bhanaltracht a gníomh ionraic, nó ceann acu. Do bhuaileas léi lá agus gan inti ach bean den choitiantacht – gnáthbhean, neamhdhírthe ar a paidir. Do tharla go mb'éigean di gnó a bhain lena ceird a dhéanamh. Do dhein banaltra di láithreach. Do foilsíodh dom paidir choiteann na banaltrachta – corp nó riocht iarmbreithiúnais na banaltrachta. Do chonac an bhanaltracht i bhfoirm gnímh. Bhí an bhanaltracht ag paidreoireacht tríthi agus bhí sí siúd ag paidreoireacht tríd an mbanaltracht chomh maith. An bhean fé ghné na banaltrachta, b'shin paidir na mná. An bhanaltracht fé ghné na mná, b'shin paidir na banaltrachta. Agus eatarthu araon do ghineadar rud nua (.i. an píosa banaltrachta a deineadh an lá sin) ag a raibh a phaidir féin. Ach is ball den bhantracht an bhean seo chomh maith. Dá bhrí sin, ní foláir nó is minic

a bhíonn an bhantracht ag paidreoireacht tríthi. Agus is Críostaí í. Agus is rinceoir í. Ar an gcuma seo, is mó rud ina mbíonn duine ag paidreoireacht agus is mó rud a bhíonn ag paidreoireacht i nduine ionas gur cóir teampall a thabhairt ar dhuine agus ar rud.

Nuair a thiteann duine i mbreiteacht nó i naofacht nó i bhfeirg, tagann an rud ina dtiteann sé ag paidreoireacht ina theampall agus cloistear ann an phian nó an salm, nó an racht is oiriúnach dá staid.

De réir dealraimh is ionann an caidreamh idirphaidre seo agus an bheatha féin nó an grá. Agus bíonn sé ar siúl de shíor mar fásann sé as an mian agus as an uaigneas atá ionainn go léir, idir dhaoine agus ainmhithe agus coillte agus oráistí agus ealaíona agus gach rud teibí agus neamhtheibí san mbith, ionas go dtéimid uile ag cuairteoireacht i dteampaill a chéile. Measaim go mbeidh glaine an rud teibí agus téagar an rud neamhtheibí sa chorp iarmbreithiúnais agus gurb í an ghlaine a shantaíonn an rud neamhtheibí agus gurb é an téagar a shantaíonn an rud teibí nuair a théann siad ag cuairteoireacht chun a chéile. Agus measaim go raghaidh na capaill agus na coillte, na teangacha agus na farraigí isteach sa tsíoraíocht inár dteannta, agus iad *sub specie aeternitatis* .i. i bhfoirm gnímh shuthain .i. i bhfoirm paidre. Measaim go mbeidh téagar ag an bpaidir seo chomh maith le foirm agus gurb ionann é agus an corp iarmbreithiúnais ar a dtráchtann Naomh Agaistín. Ós rud é go measaim go raghaidh rudaí teibí isteach sa tsíoraíocht linn, ní mór dom corp síoraí agus ionad sa tsíoraíocht a thabhairt do rudaí mar ghalair. Beidh galair ann agus coirp iarmbreithiúnais umpu mar chách, ach ní dhéanfaid díobháil do neach mar beidh deireadh leis an gcuariteoireacht idirphaidre seo um an dtaca sin. Beidh deireadh le paidreoireacht. Beidh deireadh ráite. Beidh deireadh múnlaithe. Mar beidh foirm iomlán na fírinne os ár gcomhair. Ach go dtí sin beimid ag paidreoireacht, go dtí, mar atá ráite i Leabhar Genesis, go dtiocfaidh mian na gcnoc síoraí:

Deus patris tui erit adjutor tuus et Omnipotens benedictet tibi benedictionibus caeli desuper, benedictionibus abyssi jacentis deorsum, benedictionibus uberum et vulvae. Benedictiones patris tui confortatae sunt benedictionibus patrum eius, donec veniret desiderium collium aeternorum.

Uaireanta táthaítear múnlaí le chéile agus gintear ilphaidir astu, ionas go mbíonn paidir choiteann ag ilrudaí. Measaim go mbíonn paidir ag sluaite. Nuair a bhíonn slua ag maireachtaint le chéile ar feadh tamaill, tagann siad ar an saol athuir. Tagann rud nua, aontacht nua ar an saol fé chuing an ghrá, mar náisiún nó paróiste. Ansin teilgeann an aontacht nua seo a paidir i dtreo Dé.